**COMHPHÁIRTITHE A CHUARDACH: NA PRÍOMHPHOINTÍ Ó NA SEIMINEÁIR GHRÉASÁIN**

Sa doiciméad seo cuirtear le chéile na príomh-mholtaí maidir le comhpháirtithe a chuardach, ar príomh-mholtaí iad a roinneadh le linn sheimineáir ghréasáin Fhóram an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh. Cuirtear na moltaí le chéile de réir topaice, ar moltaí iad a d'eascair as an seimineár gréasáin seo a leanas:

- Seimineár gréasáin "Conas comhpháirtithe a chuardach", 2018

**Na pointí is tábhachtaí**

1. Chun tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh a sheoladh, ní mór grúpa d'eagraithe a bhunú le 7 mball ar a laghad a bhfuil cónaí orthu i 7 mBallstát éagsúla.
2. Tá sé ríthábhachtach dóthain comhpháirtithe a bheith ann chun tionscnamh rathúil a chur i bhfeidhm agus chun sínithe a bhailiú. Ba cheart d'eagraithe dul i dteagmháil le heagraíochtaí comhpháirteacha féideartha a luaithe is féidir.
3. Is cuid bhunúsach iad na comhpháirtithe náisiúnta chun go n-éireoidh leis an bhfeachtas. Cé gur maith an rud é líonra mór Eorpach a bheith agat, is iad na comhpháirtithe náisiúnta is mó a chuidíonn chun sínithe a bhailiú ar an láthair.

**Pointí ábhartha eile**

*Uainiú*

- Chun comhpháirtithe a chuardach, tá sé ríthábhachtach dul i dteagmháil le heagraíocht i mBallstáit eile a luaithe is féidir. Tá sé tábhachtach go leagtar síos na freagrachtaí atá ar na comhpháirtithe go soiléir.
- Tá sé tábhachtach léargas réalaíoch a fháil ar na hinniúlachtaí atá ag na comhpháirtithe agus ar an gcaoi ar féidir leo tacú leis an tionscnamh sna Ballstáit dhifriúla.
- Ba cheart do na heagraíochtaí a spriocanna a leagan síos go soiléir ón tús.
- Tá sé tábhachtach dóthain acmhainní a bheith ann chun feachtas rathúil a reáchtáil ó phointe luath sa phróiseas.

*Na cineálacha comhpháirtithe*

- D'fhéadfadh na comhpháirtithe a bheith ina n-idirghabhálaithe (báúil), urraitheoirí, tionchairí (polaiteoirí, daoine cáiliúla) nó oibrithe deonacha.
- Is iad seo a leanas na príomhthréithe is ceart a bheith ag comhpháirtithe: ilghnéitheach, líonmhar, réamhghníomhach, scaipthe ar fud an Aontais.
- D'fhéadfadh sé a bheith ina straitéis mhaith dul i dteagmháil le Feisirí de Pharlaimint na hEorpa le hinsint dóibh faoin tionscnamh agus faoina bhfuiltear ag iarraidh a bhaint amach leis.
- Dúshlán atá ann an chothromaíocht cheart a aimsiú idir feachtais áitiúla a chumhachtú le go mbeidh úinéireacht acu ar an bhfeachtas agus comhordú lárnach a dhéanamh ar an bhfeachtas.
- Ba cheart d'eagraithe comhghuaillíocht de thuairim agus 100 eagraíocht a bhunú atá tiomanta páirt a ghlacadh i mbailiú na sínithe.

*Idirghníomhaíocht le comhpháirtithe*

- Ní mór a bheith in ann brath go hiomlán ar gach ball den ghrúpa d'eagraithe.
- Ní mór d'eagraithe a bheith an-chúramach maidir le húsáid lógónna. Níor cheart dóibh iad a chur in úsáid ach amháin má tá tacaíocht ó eagraíocht ar leith cinntithe deimhnithe.